

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2020/1253 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Meán Fómhair 2020

lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinní (AE) 2020/556, (AE) 2020/702 agus (AE) 2020/970, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh (AE) 2020/430 ⁽¹⁾ ón gComhairle, tugadh maolú míosa amháin ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ⁽²⁾ a mhéid a bhaineann le cinní an gnáthnós imeachta i scríbhinn a úsáid, i gcás ina ndéanfaidh Coiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát (Coreper) na cinní sin. Rinneadh foráil don mhaolú sin go dtí an 23 Aibreán 2020.
- (2) Le Cinneadh (AE) 2020/430 foráiltear, más rud é go dtugann na himthosca eisceachtúla leanúnacha bonn cirt dó, go bhféadfaidh an Chomhairle an Cinneadh sin a athnuachan. An 21 Aibreán 2020, le Cinneadh (AE) 2020/556 ⁽³⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go ceann tréimhse eile míosa ón 23 Aibreán 2020. Rinneadh foráil don síneadh a cuireadh leis an maolú sin go dtí an 23 Bealtaine 2020. An 20 Bealtaine 2020, le Cinneadh (AE) 2020/702 ⁽⁴⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go ceann tréimhse eile go dtí an 10 Iúil 2020. An 3 Iúil 2020, le Cinneadh (AE) 2020/970 ⁽⁵⁾, chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go ceann tréimhse eile go dtí 10 Meán Fómhair.
- (3) Ós rud é gur ann fós do na himthosca eisceachtúla a chruthaigh paindéim COVID-19, agus roinnt bearta urghnácha coisctheacha agus srianta arna ndéanamh ag na Ballstáit fós i bhfeidhm, is gá síneadh a chur leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430, arna shíneadh le Cinní (AE) 2020/556, (AE) 2020/702 agus (AE) 2020/970, go ceann tréimhse theoranta eile go dtí an 10 Samhain 2020,

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88 I, 24.3.2020, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020 lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 128 I, 23.4.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE) 2020/702 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 agus arna shíneadh le Cinneadh (AE) 2020/556, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 165, 27.5.2020, lch. 38).

⁽⁵⁾ Cinneadh (AE) 2020/970 ón gComhairle an 3 Iúil lena gcuirtear síneadh breise síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinní (AE) 2020/556 agus (AE) 2020/702, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 216, 7.7.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh breise leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Cinneadh (AE) 2020/430, arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702 agus (AE) 2020/970, go dtí an 10 Samhain 2020.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. ROTH
